

An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht



Sábháilteacht Phearsanta

Mí-úsáid Teaghlaigh



Réamhrá

Is téarma é 'Mí-úsáid Teaghlaigh', cé nach bhfuil sé sainmhínithe sa reachtaíocht, a dhúisíonn faitíos agus déistin i gcuimhne formhór na ndaoine. Is féidir aird a thabhairt air mar mí-úsáid fisiciúil, gnéasach, meabhrach, airgeadais nó mothúcháin ar pháirtí amháin ag an bpáirtí eile atá i gcaidreamh. **Is iad mná atá i gcaidrimh heitrihnéasdach tromlach na n-íosparitigh tuairiscithe ar mí-úsáid teaghlaigh.** Is féidir le fir atá i gcaidrimh heitrihnéasacha agus fir agus mná de chaidrimh gnéasacha den chineál céanna a bheith ina n-íosparití freisin. Is féidir le páistí a bheith faoi réir mí-úsáid teaghlaigh chomh maith.

I measc na bhfoirmeacha eile, bíonn

- Mí-úsáid daoine atá níos aosta ag céllí, páistí, gaolta agus lucht cúraim mí-úsáide
- Mí-úsáid daoine le mí-chumais ag cibé a gcuid lucht cúraim, a bpáirtí nó a gcuid gaolta.

Trasnaíonn Mí-úsáid Teaghlaigh inscne, aois, aicme, cine daonna agus creidreamh réiligiúnach. Cuimhnigh nach bhfuil aon cineál mná nó fir dá dtarlaíonn sé agus níl aon chineál baile ina dtiteann sé amach.

Bhfuil mí-úsáid á bhaint asamsa?

Folaíonn mí-úsáid teaghlaigh gach cineál mí-úsáid fisiciúil, gnéasach, meabhrach, airgeadais agus mothúcháin taobh istigh de dhlúthchaidreamh. Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin, rudaí a mhúscloídh smaoineamh agus a chuideodh leat do staid a mheas, cé nach bhfuil siad údarásach nó go léir ar fad ann.

- An mbrúann, an mbuaileann, an ndornálann do pháirtí thú nó na leanaí, an dtugtar boiseog duit nó do na leanaí, an gciceálann do pháirtí thú nó na leanaí, an mbaintear greim asat nó as na leanaí?
- An mbagraíonn do pháirtí duit, do do leanaí nó do do chuid gaolta?
- An mbagraíonn do pháirtí úsáid a bhaint as arm nó arm a úsáid i do choinne?
- An mbagraíonn do pháirtí duit tú a mharú má imíonn tú?
- An gcuireann do pháirtí iacall ort caidrimh collaí a bheith aige/aici i do choinne?
- An dtagann fear ar do pháirtí nuair a bhíonn sé/sí ag ól nó ag úsáid drugaí?
- An n-uiríslíonn do pháirtí thú os comhair daoine eile?
- An scriosann do pháirtí maoin phearsanta nó earraí eile atá ina luach mothúcháin duit d'aon turas nó mailíseach?

- An gcuireann do pháirtí i do leith síoraí seasta a bheith mídhílis?
- An 'rianann' do pháirtí síoraí seasta d'am nó cá bhfuil tú?
- An gcáineann do pháirtí thú síoraí seasta nó an gcaitheann sé anuas ort?
- An gcuireann do pháirtí cosc ort ó bheith ag obair, ag fágáil do thí cónaithe nó ó bheith ag dul amach?
- An díspreagann do pháirtí do chuid caidrimh le teaghlach agus le cairde?
- An rialaíonn do pháirtí gach cuid de do chuid airgeadais agus an gcuireann sé/sí iachall ort cuntas a choinneáil ar an méid a chaitheann tú?
- An séanann do pháirtí thú rochann a bheith agat ar airgead fiú amháin do riachtanais teaghlaigh?

Má fhreagraíonn tú 'sea' ar fiú **ceann amháin** de na ceisteanna seo is ea ansin féadfaidh tú a bheith agn fulaingt mí-úsáide sa bhaile agus ba cheart duit machnamh a dhéanamh go cúramach ar do staid.

Timtriall an Fhoréigin

Tá claonadh ar mhí-úsáid teaghlaigh an trí thréimhse seo a leanas a leanúint-

- Tréimhse teannais ag teacht chun cinn
- Tréimhse battarála / foréigní, agus
- Tréimhse an athmhuintearais / an ghrá

Tá sé tábhachtach cuimhneamh an dá luath agus a thiosaíonn foréigean, ní hamháin go leanann sé ar aghaidh, ach thar thréimhse ama méadaíonn sé i minicíocht agus i ndéine araon. Dé réir mar a leanann an foréigean ar aghaidh, tosaíonn an timtriall trí thréimhse athrú chun an donachta. Éiríonn an tréimhse teannais ag teacht chun cinn níos goire agus níos déine, éiríonn na heachtraí battarála/foréigní níos minicí agus níos déine agus éiríonn tréimhsí an athmhuintearais níos goire agus níos lú déine

Céard is féidir liom a dhéanamh le bheith slán?

An chéad rud le cuimhneamh air ná nach ghá duit glacadh leis seo.

Níl sé de cheart ag aon duine ionsaí a dhéanamh ar dhuine eile nó mí-úsáid a bhaint as duine eile.

Más íospairteach mí-úsáid teaghlaigh thú, is í sábháilteacht

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le

d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó

tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

an chéad thosaíocht duitse agus do na páistí. Tá cabhair ar fáil ó na Gardaí agus ó eagraíochtaí cuí eile m.sh., Cabhair na mBan, AMEN, agus mar sin de. (féach ar an gcuid a bhaineann le Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha dá gcuid sonraí).

Tá sé de dhualgas ar na Gardaí cosaint a chur ar fáil duit agus imscrúdú a dhéanamh go huile agus go hiomlán ar eachtaí a bhaineann le mí-úsáid teaghlaigh, tuairiscí ar mhí-úsáid teaghlaigh a fhaightear ó thríú pháirtithe san áireamh.

Má tá tú i mbaol láithreach -

- **Glaigh ar na Gardaí ar 999 nó 112.** Cuirfidh siad cosaint ar fáil agus is féidir leo tú a chur i dteagmháil le heagraíochtaí gur féidir leo tú a sholáthar le comhairliú, comhairle nó foscadh. Tugann siad eolas duit freisin maidir le hOrduithe Cosanta agus/Urchoisc a fháil, agus mar sin de.
- **Fág chomh luath agus is féidir nó faigh duine le fa-nacht in éineacht leat** má mhéadaíonn sé seo do chuid sábháilteachta; ina ionad sin gabh go teach comharsain/carad/gaoil nó áit shábháilte eile.

Muna bhfuil tú i gcontúirt láithreach, ach tá cabhair uaitse -

- Is féidir leat, ar ndóigh, glaoch a chur ar na Gardaí nó
- Glaoch ar cheann de na heagraíochtaí éagsúla ar féidir comhairle, comhairliú nó dídinne a thairiscint duit (Soláthraítear sonraí teagmhála de na heagraíochtaí seo faoi 'Nascanna agus Teagmhálaithe Úsáideacha' ag bun na bileoige.

Cóir Leigheas

Faigh cóir leigheas i gcónaí má tá tú gortaithe agus iarr ar an bhfoireann liachta grianghrafanna a thógáil de na díobháilreacha. Áit ar féidir é, coinnigh gach taifead de do chuid ion-saithe – is féidir leo seo a bheith ina gcabhair má dhéanann tú cinneadh caingean dlí a thógáil.

Saincheisteanna Dí

Is féidir leat eolas a fháil ó roinnt foinsí, na Gardaí, Free Legal Advice Centre (FLAC) agus eagraíochtaí eile tacaíochta. Is féidir leis na Cúirteanna Orduithe Sábháilteachta, Orduithe Urchoisc, Orduithe Urchoisc Eadramhacha agus Orduithe Cosanta a eisiúint. Tá siad seo sainmhínte in Acht um Fhoréigean Baile, 1996. Is féidir eolas ar na horduithe seo a fháil ar an láithrean gréasáin FLAC.

Pleanáil Chun Tosaigh – Déan Plean Sábháilteachta

Ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar phleanáil chun tosaigh chun plean gníomhaíochta a fhorbairt ar fhaitíos go dtarlaíonn eachtra eile. Is féidir leis seo tú a mhothú níos mó i rialú agus tú a ullmhú chun céard a ba cheart duit a dhéanamh má tharlaíonn imeacht dá leithéid.

Ba cheart do do plean gníomhaíochta an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Liosta a dhéanamh na daoine a d'fhéadfaí glaoch orthu i gcás eachtra nó dá mothaigh tú a bheith i gcontúirt.
- Cinneadh a dhéanamh ar cá n-imeodh tú dá mba rud é go raibh ort do bhaile a fhágáil.
- Breis éadaí, earraí maisíochta, airgead, earraí pearsanta a choinneáil in éindí le duine a bhfuil muinín agat astu.
- Fios a bheith agat go bhfuil do chuid aitheantais nó páipéirí eile tábhachtacha á gcoinneáil ar fhaitíos go dteastaíonn siad uaitse.
- Airdeall a chur ar chomharsana a bhfuil muinín agat astu glaoch a chur ar na Gardaí má chloiseann siad aon thorannacha amhrasacha ag teacht ó do bhaile.
- Bain cleachtadh as éalú éigeandála a dhéanamh (le do chuid leanaí) agus taisteal go dtí an t-ionad atá rogh-

naithe agat mar áit shábháilte

- Liosta a dhéanamh de ullmhúcháin eile a dteastaíonn uait machnamh a dhéanamh orthu.

Nuair a dhéanann tú cinneadh imeacht, cibé acu ar feadh bhriseadh gearr nó níos faide, beidh ort a thabhairt leat roinnt nó gach cuid de na hearraí seo a leanas más féidir leat a dhéanamh amhlaidh; munar féidir leat, is féidir leat filleadh ar ais chun an tí níos déanaí á thionlacan ag na Gardaí chun do chuid earraí phearsanta a fháil ar ais-

- * Airgead
- * Cartáí creidmheasa
- * Eochracha Chairr
- * Pas
- * Eadaí
- * Leabhair Seice
- * Cogas ordaithe
- * Ceadúnas tiomána
- * Cead oibre (más ábhartha)
- * Leabhar Seolta/Teileafóin

I measc na n-earraí breise le machnamh a dhéanamh orthu **má tá am agat tá –**

- * Deimhniú Breithe
- * Deimhnithe Breithe na Leanaí
- * Taifid Liachta an Teaghlaigh
- * Leabhair Liúntas na Leanaí
- * Leabhair Leasa Shóisialaigh
- * Páipéirí Clárúcháin Ghluaisteáin
- * Taifid scoile
- * Roinnt bréagáin do na leanaí
- * Grianghrafanna agus earraí pearsanta a bhfuil tábhacht ag baint leo
- * Seoda

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

An tAonad Imscrúdaithe Foréigin Teaghlaigh agus Ion-saithe Gréasacha

Biúro Náisiúnta um Imscrúdú Coireachta,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2
Fón: (01) 6663430/35 Facs: (01) 6663316
Ríomhphost: dvsau@iol.ie
nó do Stáisiún Garda áitiúil

An Garda Síochána

www.garda.ie

I gcás éigeandála – glaoigh ar 999 nó 112

Cosc

www.cosc.ie

Fón: (01) 4768680

Cabhair na mBan / Womens Aid

www.womensaid.ie

Fón: 1800 341 900

7 lá in aghaidh na seachtaine óna 10 r.n. go dtí a 10 i.n.

Safe Ireland

www.safeireland.ie

Fón: (090) 647 9078

AMEN

www.amen.ie

Fón: (046) 9023718

Ionad Chomhairle Dí Saor In Aisce / Free Legal Aid Advice Centre (FLAC)

www.flac.ie

Fón: (01) 8745690

Cabhair Líne um Íospairtí Coireachta

www.crimevictimshelpline.ie

Fón: 1850 211 407

Samaritans

www.samaritans.org

Fón: 1850 60 90 90